



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2013*

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar II

200 MARC

**Dé Máirt
11 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 11.50**

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

Ceist 1: LÉAMHTHUISCINT: A (lch 4 & 5)
agus
B (lch 6 & 7)

Ceist 2: PRÓS: AINMNITHE (A) (lch 8)
nó
ROGHNACH (B) (lch 9)

Ceist 3: FILÍOCHT: AINMNITHE (A) (lch 10 & 11)
nó
ROGHNACH (B) (lch 12)

Freagair **A** agus **B** anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

JFK in Éirinn – Caoga Bliain Ó Shin

1. Timpeall an ama seo caoga bliain ó shin, i mí an Mheithimh 1963, bhí muintir na hÉireann ag fanacht le cuairteoir tábhachtach a theacht go dtí an tír seo. Den chéad uair riamh ó bunaíodh an stát, bhí pearsa mhór idirnáisiúnta, Uachtarán Mheiriceá, ag tabhairt cuairt oifigiúil ar Éirinn. Ba Ghael-Mheiriceánach agus Caitliceach é an tUachtarán seo, John Fitzgerald Kennedy, agus chuir na hÉireannaigh na mílte fáilte roimhe. Tháinig an tUachtarán Kennedy, nó JFK mar ab fharr aithne air, go hÉirinn ar 23 Meitheamh agus chaith sé ceithre lá anseo. Chuaigh a chuairt i gcion go mór ar mhuintir na tíre seo.
2. Thug JFK cuairt ar na ceithre chathair mhóra, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach. Bhí na sluaite amuigh roimhe i ngach áit. Bhuail sé lena ghaolta go léir i gContae Loch Garman. Shuigh sé i gcistin a chol ceathrair, Mary Ryan, agus d'ól sé cupán tae léi. Thuig gach duine in Éirinn go raibh deoraí fillte abhaile as Meiriceá, duine ar éirigh go han-mhaith leis ó chuaigh a shinsir go Meiriceá céad bliain roimhe sin.
3. Mar dhuine óg, d'fhreastail JFK ar Ollscoil Harvard agus bhain sé céim amach i gcúrsaí idirnáisiúnta. Bhí an dara cogadh domhanda tosaithe nuair a chríochnaigh sé san ollscoil. Chuaigh sé isteach i gcabhlach Mheiriceá. Bhí sé ina chaptaen ar bhád patróil san Aigéan Ciúin ag troid in aghaidh na Seapáine. Bualadh a bhád patróil, PT-109, agus rinneadh damáiste mór dó. Rinne Kennedy iarracht iontach cuid dá chriú a shábháil. Tar éis an chogaidh, thaispeáin sé go raibh suim aige sa pholaitíocht. Sa bhliain 1952, toghadh ina sheanadóir in Massachusetts é. Tamall gearr ina dhiaidh sin, thosaigh sé ag smaoineamh ar sheasamh do phost an Uachtaráin. Cheap a lán daoine nach mbeadh seans aige an post a fháil. Ní raibh aon Chaitliceach ina Uachtarán roimhe sin agus cheap daoine go raibh sé ró-shaibhir agus ró-óg agus nár thuig sé fadhbanna an ghnáthdhuine.
4. Bhuaigh JFK an rás don Teach Bán i 1960. Bhí trí bliana caite aige mar Uachtarán nuair a maraíodh in Dallas, Texas é i mí na Samhna 1963. Bhí meas mór ag a lán daoine air nuair a bhí sé ina Uachtarán. Bhuail sé le ceannairí na Rúise agus thosaigh sé cainteanna ar laghdú na n-arm núicléach. Bhí sé láidir ach stuama ciallmhar nuair a bhí baol cogaidh ann faoi Chúba. Chabhraigh sé leis na daoine gorma nuair a bhí siad ag lorg a gceart. Ach ar an lámh eile, níor éirigh leis Meiriceá a choimeád amach as an gcogadh in Vítneam. Chomh maith leis sin, tá a fhios againn anois go raibh fadhbanna móra sláinte aige agus nach raibh sé dílis dá bhean. Ar an iomlán, áfach, tugann staraithe i Meiriceá sa lá atá inniu ann moladh mór dó mar Uachtarán.
5. Nuair a labhair JFK ar an gcé i Ros Mhic Thriúin i 1963, luaigh sé a shin-seanathair, Patrick Kennedy. D'fhág Patrick Kennedy an ché sin i rith an Ghorta Mhóir agus thóg sé dhá rud thábhachtacha leis go Meiriceá – dúil mhór sa tsaoirse agus creideamh láidir i nDia. I mbliana, tá muintir Loch Garman ag smaoineamh siar ar chuairt JFK. Tá siad ag súil leis go dtiocfaidh gaolta an Uachtaráin, go háirithe a iníon, Caroline, ar cuairt go hÉirinn.

Bunaithe ar alt sa Vicipéid.



1. (a) Cén cuairteoir tábhachtach a tháinig chuig an tír seo i mí an Mheithimh 1963? (Alt 1)
(b) Cé mhéad ama a chaith sé sa tír seo? (Alt 1)
(10 marc)
2. (a) Cén áit in Éirinn a raibh cónaí ar ghaolta an Uachtaráin? (Alt 2)
(b) Cad a rinne an tUachtarán i gcistin a chol ceathair, Mary Ryan? (Alt 2)
(10 marc)
3. (a) Cad a tharla dá bhád patróil, PT-109? (Alt 3)
(b) Luaigh **dhá** fháth ar cheap daoine nach mbeadh seans aige an post mar Uachtarán a fháil.
(Alt 3)
(10 marc)
4. (a) Cad a tharla in Dallas i 1963? (Alt 4)
(b) Luaigh rud **amháin** a rinne sé mar Uachtarán **agus** rud **amháin** nár éirigh leis a dhéanamh.
(Alt 4)
(10 marc)
5. (a) Cén **dá** rud a thóg Patrick Kennedy leis go Meiriceá? (Alt 5)
(b) Cad air a bhfuil muintir Loch Garman ag smaoineamh i mbliana? (Alt 5)
(10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Fionnuala Britton – Lúthchleasaí Órga na hÉireann

1. Dé Domhnaigh, 9 Nollaig 2012, bhuaigh Fionnuala Britton, lúthchleasaí as Cill Mhantáin, craobh na hEorpa sa rás trastíre. Bua stairiúil ba ea é mar ba í Fionnuala an chéad bhean i stair an chomórtais a bhuaigh an rás dhá bhliain as a chéile. Lá geimhriúil a bhí ann i mBúdaipeist an lá sin. Bhí an aimsir an-fhuar agus bhí brat trom sneachta ar an gcúrsa. Ach ghríosaigh an slua mór Éireannach Fionnuala agus bhuaigh sí an rás in 27 nóiméad agus 45 soicind. Chomh maith leis an ngaisce sin, bhuaigh foireann bhan na hÉireann an bonn óir sa rás trastíre den chéad uair riamh agus bhí Fionnuala ina ball den fhoireann.
2. I gCill Chomhghaill, Contae Chill Mhantáin, a rugadh Fionnuala i 1984. Tá beirt deirfiúracha agus deartháir amháin aici. Nuair a bhí sí seacht mbliana d’aois, chláraigh sí leis an gclub lúthchleasaíochta áitiúil. Thaitin sé go mór léi dul chuig comórtais ar an mbus leis na baill eile den club. D’imir sí badmantan agus camógaíocht nuair a bhí sí ar an mbunscoil agus bhí sí páirteach sna brídíní. D’fhreastail sí ar an gColáiste Doiminiceach i mbaile Chill Mhantáin, agus d’imir sí haca agus camógaíocht ansin. De réir a chéile, léirigh sí a tallann iontach mar lúthchleasaí. Bhuaigh sí go leor comórtas i gCill Mhantáin, i gCúige Laighean agus ar fud na hÉireann.
3. Rinne Fionnuala cúrsa in eolaíocht an spóirt in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Nuair a bhí sí ar an ollscoil, bhí an t-ádh dearg léi mar bronnadh scoláireacht spóirt uirthi. Chomh maith le bheith ag staidéar, bhí sí sáite sa lúthchleasaíocht go páirtaimseartha agus ghlac sí páirt ina lán comórtas. Thug sí moladh mór dá cóitseálaithe agus do na lúthchleasaithe eile ar an ollscoil. Ba ghnách léi fillleadh abhaile ar a teaghlach agus ar a cairde ag an deireadh seachtaine. Bhí nós aici dul ag rith ar bhóithre agus ar chúrsaí trastíre ina ceantar dúchais féin nuair a bhíodh sí sa bhaile.
4. Nuair a d’fhág sí an ollscoil, fuair sí cabhair airgid ó Chomhairle Spóirt na hÉireann. Chuaigh sí ag traenáil go dian in ionaid spóirt thar lear, áiteanna a raibh áiseanna iontacha le fáil. Fuair sí briseadh croí sna Cluichí Oilimpeacha i Londain i samhradh 2012. Chríochnaigh sí sa chúigiú háit déag i gcrabhrás an deich míle méadar. Níor cháiligh sí in aon chor don chraobhrás sa chomórtas cúig mhíle méadar. Ach chuir sí an díomá sin taobh thiar di. Thosaigh sí ag traenáil go dian do chraobh na hEorpa sa rás trastíre. Fuair sí duais as a cuid oibre go léir an Domhnach sin i mBúdaipeist nuair a cuireadh an bonn óir timpeall ar a muineál agus nuair a seinneadh Amhrán na bhFiann.
5. Tá dhá aidhm ag Fionnuala anois – cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha in Rio de Janeiro sa bhliain 2016 agus rith sa mharatón uair éigin amach anseo. Leanfaidh sí léi ag cleachtadh go dian, ag rith céad fiche míle gach seachtain agus ag ithe bia sláintiúil. Tá súil aici go bhfanfaidh sí saor ó ghortú. Ar nós Katie Taylor, is laoch spóirt í, do na cailíní go speisialta, agus ba bhreá léi go nglacfadh cailíní níos mó páirte i gcúrsaí spóirt de gach saghas.

Bunaithe ar fhoinse éagsúla



1. (a) Cad a bhuaigh Fionnuala Britton Dé Domhnaigh, 9 Nollaig 2012? (Alt 1)
(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin aimsir an lá sin. (Alt 1) (10 marc)
2. (a) Cad a rinne Fionnuala nuair a bhí sí seacht mbliana d'aois? (Alt 2)
(b) Luaigh **dhá** spórt a d'imir Fionnuala agus í ar an gColáiste Doiminiceach. (Alt 2) (10 marc)
3. (a) Cén cúrsa a rinne Fionnuala ar an ollscoil? (Alt 3)
(b) Cén **dá** rud ba ghnách le Fionnuala a dhéanamh ag an deireadh seachtaine nuair a bhíodh sí ar an ollscoil? (Alt 3) (10 marc)
4. (a) Cá ndeachaigh Fionnuala ag traenáil nuair a d'fhág sí an ollscoil? (Alt 4)
(b) Cén áit ar chríochnaigh sí i gcaobhrás an deich míle méadar sna Cluichí Oilimpeacha in 2012? (Alt 4) (10 marc)
5. (a) Cén **dá** aidhm atá ag Fionnuala anois? (Alt 5)
(b) Cé mhéad míle a ritheann Fionnuala gach seachtain? (Alt 5) (10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Freagair na ceisteanna thíos ar an ngearrscannán *Cáca Milis* nó ar an ngearrdhráma *An Lasair Choille*.

Cáca Milis

Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa ghearrscannán *Cáca Milis*.
Luaigh na pointí seo:

- (i) Déan cur síos ar an gcaint idir Catherine agus a máthair, Theresa, sa charr.
- (ii) Déan cur síos ar Paul.
- (iii) Cén scéal a insíonn Paul do Catherine faoi bheith ar an raidió?
- (iv) Cad a tharlaíonn idir Catherine agus Paul sa charráiste traenach?
- (v) Cad a tharlaíonn ag deireadh an ghearrscannáin?

(25 marc)

NÓ

An Lasair Choille

Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa ghearrdhráma *An Lasair Choille*.
Luaigh na pointí seo:

- (i) An chaint a dhéanann Séamas agus Micil ag tús an ghearrdhráma.
- (ii) An scéal atá ag Míoda agus an chaint a dhéanann sí féin agus Séamas le chéile.
- (iii) Cad a tharlaíonn do Mhíoda ag deireadh an ghearrdhráma?
- (iv) Cén pháirt atá ag Binncheol sa ghearrdhráma agus cad a tharlaíonn dó ag an deireadh?
- (v) Luaigh fáth **amháin** a dtaitníonn Micil leat nó fáth **amháin** nach dtaitníonn Micil leat.

(25 marc)

- (b) Dís

“Lánúin cois tine tráthnóna...Leanbh ina chodladh sa phram.” *Dís*

Déan cur síos ar an gcomhrá idir Seán agus a bhean chéile an tráthnóna sin.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair achoimre ar na heachtraí is mó ann.

(23 marc)

Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go soiléir.

(2 mharc)

NÓ

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair achoimre ar na heachtraí is mó ann.

(23 marc)

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(2 mharc)

- (b) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) ann. Tabhair **cuntas** ar an bpríomhcharachtar (ar an bpríomhphearsa) ó thús deireadh an ghearrscéil.

(23 marc)

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

- (a) (i) (a) Cad a deir an file faoin bhfear i véarsa a haon?
 (b) Cá bhfásfaidh na nóiníní?
 (c) Céard atá mícheart le súile an fhir?
 (d) Cad iad na torthaí a thugann an fear don fhile? (8 marc)
- (ii) Inis i **d'fhocail féin**, cén saghas duine é an fear? (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)
- (iii) Luaigh rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo. (9 marc)

Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

Níl mo ghrá-sa
 mar bhláth na n-airní
 a bhíonn i ngairdín
 (nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
 le nóiníní
 is as a chluasa a fhásfaidh siad
 (nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
 iad a shúile
 (táid róchóngarach dá chéile
 ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
 tá ribí a ghruaige
 (mar bhean dhubh Shakespeare)
 ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
 Tugann sé dom
 úlla
 (is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
 caora finiúna).

An Spailpín Fánach

- (b) (i) (a) Cad a dhéanann an file “go moch ar maidin”?
(b) Luaigh **dhá** áit ina mbíodh an spailpín.
(c) Cad a chloiseann an spailpín na daoine á rá nuair a théann sé go Durlas?
(d) Cén cheist a bhíonn ag “bodairí na tíre”? (8 marc)
- (ii) Inis i **d’fhocail féin**, cén sórt saoil a bhí ag an spailpín? (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
’s ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
’s go brách arís ní ghlaofar m’ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhínic mo thriall go Cluain gheal Meala
’s as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth ’s mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
’s nuair théim go Durlas ’s é siúd bhíonn agam –
‘Sin chu’ibh an spailpín fánach!’

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
‘téanam chun siúil, tá an cúrsa fada’ –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat? (7 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (phictiúr) a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) Luaigh rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo. (8 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

- (b) (i) Maidir le **dán roghnach sean-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad iad príomhsmaointe an dáin? (8 marc)
- (ii) Cén mothú is mó atá sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (6 mharc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)